# NA hACHTANNA UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT 2000, ARNA LEASÚ
# FÓGRA FAOI IARRATAS DÍREACH PLEANÁLA CHUIG AN mBORD PLEANÁLA
# I LEITH FORBAIRT BONNEAGAIR STRAITÉISIGH

## Contae Chiarraí agus Contae Chorcaí

**De réir Alt 37E den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú, tugann ESB Wind Development Limited *(Forbairt Gaoithe BSL Teoranta)* fógra faoina rún iarratas a chur isteach ar chead chuig an mBord Pleanálai ndáil le forbairt feirm ghaoithe a bheartaítear agus na hoibreacha gaolmhara uile sna bailte fearainn seo a leanas i gContae Chiarraí: an Bealach (Toghroinn Ghleann Lao), Barr na Stuaice, Cluain Chaoin, Cúil na gCopóg (Toghroinn Ghleann Locha), Cúil Chnóchoille, Com an Chuilinn, Com Uí Chlúmháin, an Coimín Uachtarach, Doire an Chladaigh, Doire an Longaigh, Gort Leathard, Gort Maraithe Fínín, Cnocán an Phóna, an Inse Mhór, na hInsí, Cnoc an Rodaigh, Cnoc an Fhotha, an Leaca Bhán, Ladhar na Gaoithe, Redtrench South, Ros an Locha, Sailcheartán; agus sna bailte fearainn seo a leanas i gContae Chorcaí: Cúil Aodha, Doire an Chuilinn, an Doirín Álainn, an Doire Leathan, Doire na Sagart, Gort na Tiobratan, an Lománach Mhór, an Muirneach Beag, Ré na bPobal, an Sliabh Riabhach.**

Beidh na nithe seo a leanas i gceist san fhorbairt a bheartaítear:

i) Tógáil feirm ghaoithe ina mbeidh 38 tuirbín gaoithe agus na bunsraitheanna agus na limistéir dhromchla chrua uile lena mbaineann. Beidh airde moil suas le 80 méadar agus trastomhas rótair suas le 112 méadar ag baint leis na tuirbíní gaoithe. Beidh airde iomlán na struchtúr (i.e. airde rinne) suas le 126 méadar.
ii) An cáblú leictreach agus cumarsáide uile faoin talamh lena mbaineann.
iii) Tógáil bealaigh isteach nua chuig an suíomh.
iv) Cruthú thart ar 28 km de rianta rochtana, lena n-áirítear nascrian idir an dá fheirm ghaoithe a toilíodh roimhe seo mar a thuairiscítear thíos.
v) Cruthú poill carta/stórais ábhair.
vi) Tógáil 4 chrann nua saorsheasaimh meitéareolaíochta atá suas le 80 méadar ar airde.
vii) Córais draenála ghaolmhara.
viii) Tá siad seo a leanas ar na forbairtí breise gaolmhara agus coimhdeacha atá ag teastáil d'fhonn comhpháirteanna tuirbín gaoithe a sheachadadh:
- Bealach Seachadta 1: Suiteáil droichid shealadaigh trasna an tSuláin i sráidbhaile Bhaile Bhuirne (Contae Chorcaí). Maidir leis an droichead sin, ní mór bealach isteach sealadach ón N22 agus ón L3400 (iad araon i sráidbhaile Bhaile Bhuirne) a thógáil agus bóithre poiblí a fheabhsú ag láithreacha aitheanta feadh an L3400 i dtreo an tsuímh.
- Bealach Seachadta 2: Cruthú thart ar 500 méadar de rian rochtana laistigh de thailte Choillte atá ann cheana féin i mbaile fearainn Chúil Chnóchoille (Contae Chiarraí) chun rianta atá ann cheana féin ar an mbealach seachadta seo a nascadh chomh maith le hathailíniú an bhealaigh isteach atá ann cheana féin chuig suíomh Everwind leis an mbóthar poiblí L3400.

ix) Tá cead 10 mbliana agus saolré oibríoch 25 bliain ó chríochnú na feirme gaoithe ar fad á lorg le haghaidh na forbartha a bheartaítear.

Tá an t-iarratas seo ina athbhreithniú agus ina chónascadh idir an dá chead pleanála atá ann cheana ar an suíomh mar seo a leanas:
- Comhairle Contae Chiarraí, Tagairt Chlárúcháin 10/0197 a deonaíodh an 25 Samhain 2010 – cead 10 bliana le haghaidh 14 thuirbín gaoithe agus oibreacha forbartha lena mbaineann.
- Comhairle Contae Chiarraí, Tagairt Chlárúcháin 10/1333 a deonaíodh an 26 Eanáir 2012 – cead 10 bliana le haghaidh 24 tuirbín gaoithe agus oibreacha forbartha lena mbaineann.

Cuireadh Ráiteas Tionchair Timpeallachta (EIS) i dtoll a chéile i leith na forbartha a bheartaítear. Féadfar iniúchadh a dhéanamh ar an iarratas pleanála agus ar an EIS saor in aisce nó féadfar iad a cheannach i ndiaidh táille shonraithe a íoc le linn na n-uaireanta oscailte don phobal **ar feadh tréimhse seacht seachtaine**, ag tosú an **14 Mean Fómhair 2015**sna háiteanna seo a leanas:

- **Oifigí an Bhoird Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1,**
- **Oifigí Chomhairle Contae Chiarraí, Áras an Chontae, Trá Lí, Contae Chiarraí, agus**
- **Oifigí Chomhairle Contae Chorcaí, Halla an Chontae, Bóthar Charraig Ruacháin, Corcaigh.**

Is féidir an t-iarratas a fheiceáil/a íoslódáil ar an suíomh Gréasáin seo a leanas freisin:**www.grousemountwindfarm.ie**

Féadfar aighneachtaí nó tuairimí a chur chuig an mBord Pleanála ("an Bord"), 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, agus chuige sin amháin, le linn na tréimhse seacht seachtaine dá dtagraítear thuas, ina leith seo a leanas:
i) impleachtaí na forbartha a bheartaítear maidir le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe sa limistéar lena mbaineann, agus
ii) tionchar dóchúil na forbartha a bheartaítear ar an gcomhshaol.

Ní mór táille €50 a chur le haon aighneachtaí/tuairimí (seachas comhlachtaí áirithe forordaithe) agus níor mhór go mbeidís ag an mBord tráth nach déanaí ná **5.30pm, an 2 Samhain 2015** agus caithfidh an fhaisnéis seo a leanas a bheith leo:

i) ainm an duine atá ag cur na haighneachta nó na tuairime isteach, ainm an duine atá ag gníomhú ar a shon nó ar a son, más ann, agus an seoladh ag a bhfuil aon chomhfhreagras i dtaca leis an iarratas le cur,
ii) ábhar na haighneachta nó na tuairime, agus
iii) na cúiseanna, na cúinsí agus na hargóintí is ábhar don aighneacht nó don tuairim, ina n-iomláine.

Ní féidir leis an mBord breithniú a dhéanamh ar aon aighneachtaí nó tuairimí nach gcomhlíonann na ceanglais thuas.
Beidh sé faoi lánrogha an Bhoird a chinneadh cé acu a reáchtálfar nó nach reáchtálfar éisteacht ó bhéal ar an gcás.

D'fhéadfadh an Bord na cinntí a leanas a dhéanamh, i leith an iarratais ar chead:
a) (i) an cead a dheonú, nó
(ii) cibé modhnuithe a dhéanamh ar an bhforbairt a bheartaítear a shonróidh sé ina chinneadh agus cead a dheonú i leith na forbartha a bheartaítear arna modhnú amhlaidh, nó
(iii) cead a dheonú i leith coda den fhorbairt a bheartaítear (modhnaithe go sonrach nó gan modhnú sonrach de réir an chineáil roimhe seo),
agus d'fhéadfadh aon cheann de na cinntí thuas a bheith faoi réir nó d'éagmais choinníollacha,
b) gan an cead a dheonú.

Ba cheart aon fhiosrúcháin i leith phróiseas an iarratais a phlé leis an Rannóg um Bonneagar Straitéiseach de chuid an Bhoird Pleanála (Uimhir Ghutháin: 01 8588100).
- D'fhéadfadh duine bailíocht aon chinnidh den chineál sin arna dhéanamh ag an mBord a cheistiú trí bhíthin iarratais ar athbhreithniú breithiúnach, faoi Ordú 84 de Rialacha na nUaschúirteanna (I.R. Uimh. 15 de 1986, arna leasú), de réir Alt 50 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú.
- Is féidir faisnéis phraiticiúil maidir leis an meicníocht athbhreithnithe a rochtain faoin gceannteideal 'Foilseacháin – Fógra faoi Athbhreithniú Breithiúnach' ar shuíomh Gréasáin an Bhoird www.pleanala.ie nó ar shuíomh Gréasáin na Seirbhíse um Fhaisnéis do Shaoránaigh www.citizensinformation.ie.

**Sinithe: ______________ Brendan Allen, Senior Planner, ESB International, Stephen Court, 18/21 St. Stephen's Green, Dublin 2.**
**(Gniomhaire ar son ESB Wind Development Limited) Data no a hogail fogra suimh: 10 Mean Fómhair 2015 FOGRA BUI**